SAMPLE LOCAL PRESS RELEASE – SAY YES TO LANGUAGES – 2024/2025

CÉIMEANNA

- **Íoslódáil an cháipéis seo ó LanguagesConnect.ie**
- **Líon isteach sonraí do scoile ionas gur féidir iad a roinnt leis an nuachtán/raidió áitiúil agus/nó iad a úsáid i nuachtlitir na scoile.**
- **Ná déan dearmad scrios a dhéanamh ar na codanna nach bhfuil uait.**
- **Seol roinnt grianghraif dheasa le d'fhearas grianghraf agus pasanna freisin!**

Cuireann [ainm na scoile] Fáilte Roimh Theangacha
Téann scoil áitiúil i gcomhpháirt le 85,000 páiste bunscoile agus iad rannpháirteach sa mhodúl a bhaineann le foghlaim teanga

Tá thart ar [cuir líon na bpáistí a bheidh rannpháirteach isteach anseo] páiste ó [Ainm na Scoile] réidh chun páirt a ghlacadh sa mhodúl samplach teanga do Bhunscoileanna, 'Cuir Fáilte Roimh Theangacha' i mbliana. Tá an modúl ar fáil don cheathrú bliain, tar éis don Roinn Oideachais síneadh ama a chur leis.

Tá 'Cuir Fáilte Roimh Theangacha' tar éis fás go mór le ceithre bliana anuas – bhí breis agus 1,300 scoil agus a gcuid páistí rannpháirteach le linn na tréimhse seo. Bunchúrsa is ea 'Cuir Fáilte Roimh Theangacha' i réimse leathan nuatheangacha iasachta - chomh maith le Teanga Chomharthaíochta Éireann. Déanann sé iarracht aird na bpáistí a tharraingt ar éagsúlacht na dteangacha a úsáideann daoine eile ina rang ar scoil agus sa phobal áitiúil.

Ghlac níos mó ná 1,200 scoil páirt sa mhodúl anuraidh, agus teagasc á dhéanamh trasna na tíre sna teangacha seo: Araibis, Sínis, Ísiltíris, Fraincis, Gearmáinis, Iodáilis, TCÉ (ISL), Seapáinis, Liotuáinis, Polainnis, Portaingéilis, Rómáinis, Spáinnis, agus Úcráinis. Beidh páistí [ainm na scoile] ag cur fáilte roimh [cuir isteach teanga, le séimhiú más gá] i mbliana. Cuirfear an clár ar fáil thar thréimhse 8 seachtaine i rith an ghnáth-amchláir scoile. Is méadú coicíse é sin ar bhlianta roimhe seo.

Agus an príomhoide [cuir isteach ainm an phríomhoide] ag caint faoin modúl, deir [sé/sí]: '*Tá áthas orainn go mbeidh ár bpáistí rannpháirteach in 'Cuir Fáilte Roimh Theangacha' i mbliana. Tá [líon na dteangacha] [theanga/dteanga] in úsáid faoi láthair sa scoil, idir pháistí agus fhoireann na scoile, agus tugann an modúl seo deis iontach do pháistí tuiscint níos doimhne a fháil ar theangacha agus ar chultúir éagsúla, agus cur lena gcuid scileanna ilghnéitheacha ag an am céanna.' Is [é/í] [cuir isteach ainm an teagascóra/na dteagascóirí agus roinnt eolas cuí faoin teagascóir agus an teanga]a bheidh i mbun chlár [ainm na scoile] i mbliana.*

'*Is modúl spreagthach, spraíúil, idirghníomhach é seo a dearadh chun comhthuiscint fadtéarma a chothú idir páistí agus teangacha. Tugann sé buntáistí luachmhara dár bpáistí, a thacóidh leo i rith a saoil, ag tabhairt scileanna riachtanacha teanga dóibh don todhchaí*', a deir múinteoir/teagascóir/príomhoide [cuir isteach ainm].

Tacaíonn foilsiú Chreatchuraclam na Bunscoile leis an bhfás atá tagtha ar fhoghlaim teangacha iasachta sa bhunscoil. Tabharfar Nuatheangacha Iasachta (NTI) isteach i mbunscoileanna dá bharr i gCuraclam Teangacha Bunscoile a bhfuil athfhorbairt déanta air.

Agus í ag caint faoin gclár, dúirt an tAire Oideachais, Norma Foley, '*Sna blianta atá amach romhainn beidh foghlaim Nuatheanga Iasachta ina chuid den eispéireas bunscoile a bheidh ag páistí, de réir Chreatchuraclam Bunscoile. Cuirfear teangacha iasachta ar churaclam na bunscoile bunaithe ar sheachadadh 'Cuir Fáilte roimh theangacha'. Táimid ag súil le bliain eile rathúil den mhodúl.*

Chuir Languages Connect, atá ag déanamh maoirseacht ar 'Cuir fáilte roimh theangacha' sraith acmhainní ar fáil. Ina measc tá acmhainní teagaisc do mhúinteoirí agus tacaí eile ar nós 'Pasanna Teanga', síntí amach spraiúla agus go leor eile do pháistí rannpháirteacha le taispeáint dá dteaghlaigh agus dá gcairde. Cuireadh pacáistí chuig na scoileanna a bheidh rannpháirteach ann chun tacú leis an teagasc agus leis an bhfoghlaim, agus mar aon leo sin, leis na haidhmeanna chun daoine a chur ar an eolas faoin gclár. Tá tuilleadh eolais ar fáil faoi 'Cuir fáilte roimh theangacha', léiriú spéise teagascóirí agus tacaí ar fáil ag www.languagesconnect.ie/primary

Chun teacht ar thuilleadh eolais, déan teagmháil le [cuir isteach sonraí scoile].

Faoi Languages Connect: Cuireann Languages Connect na buntáistí pearsanta, sóisialta, gairmiúil agus eacnamúil a bhaineann le scileanna teangacha iasachta chun cinn i measc príomhoidí, múinteoirí, comhairleoirí gairmthreorach, tuismitheoirí agus scoláirí. Tá sé á mhaoiniú ag an Roinn Oideachais, agus tá sé á stiúradh ag Teangacha Iar-bhunscoile Éireann, mar phríomhaidhm de chuid Languages Connect – Straitéis na hÉireann do Theangacha Iasachta san Oideachas 2017-2026. Chun teacht ar an eolas is déanaí, féach ar www.languagesconnect.ie nó lean muid ar Twitter, Facebook agus Instagram